BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an t-Ochtú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Sonraí pearsanta a chosaint – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 82(1) – An ceart chun cúiteamh a fháil agus dliteanas – Próiseáil neamhdhleathach sonraí – Sárú ar an gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint – An coincheap 'damáiste' – Cúiteamh as damáiste neamhábhartha i bhfoirm leithscéal a thabhairt – Incheadaitheacht – Prionsabal na héifeachtachta – Measúnú ar fhoirm agus ar leibhéal an chúitimh – Indéantacht mheon agus spreagadh an rialaitheora a chur san áireamh)

I gCás C-507/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Augstākā tiesa (Senāts) (an Chúirt Uachtarach, an Laitvia), trí bhreith an 7 Lúnasa 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 8 Lúnasa 2023, sna himeachtaí

A

v

Patērētāju tiesību aizsardzības centrs,

tugann AN CHÚIRT (an tOchtú Dlísheomra)

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: N. Piçarra, Uachtarán Dlísheomra, N. Jääskinen (Rapóirtéir) agus M. Gavalec, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta ó bhéal,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Rialtas na Laitvia, ag J. Davidoviča agus K. Pommere, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Bouchagiar, H. Kranenborg agus I. Naglis, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

* Teanga an cháis: an Laitvis.

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 82(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1, 'RGCS').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir A agus Patērētāju tiesību aizsardzības centrs (Ionad Cosanta Chearta na dTomhaltóirí, an Laitvia) ('PTAC') maidir le cúiteamh as damáiste neamhábhartha a líomhnaítear a d'fhulaing an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí mar thoradh ar phróiseáil a shonraí pearsanta a rinne PTAC gan a chead.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear in aithrisí 1, 75, 85, 146 agus 148 de RGCS mar a leanas:

'(1) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. In Airteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") agus in Airteagal 16(1) [CFAE], foráiltear go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

[...]

'(75) Maidir leis na rioscaí i dtaca le cearta agus saoirsí daoine nádúrtha, ar rioscaí iad lena ngabhann dóchúlacht agus déine éagsúil, mar thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta as damáiste fisiciúil, ábhartha nó neamhábhartha, go háirithe sna cásanna seo a leanas: i gcás ina n-eascródh [...] damáiste don chlú, [...] nó aon mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta eile atá suntasach as an bpróiseáil; i gcás ina bhféadfadh sé go ndéanfaí cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí a cheilt orthu nó go gcoiscfí iad ó rialú a dhéanamh ar fheidhmiú a gcuid sonraí pearsanta; [...]

[...]

'(85) Mura dtéitear i ngleic le sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar bhealach iomchuí tráthúil, d'fhéadfadh gurb é an toradh a bheadh air damáiste fisiciúil, ábhartha nó neamhabhartha do dhaoine nádúrtha amhail smacht ar a gcuid sonraí pearsanta a chailleadh, nó teorannú ar a gcearta [...] damáiste don chlú, [...] nó aon mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta eile don duine nádúrtha lena mbaineann. [...]

[...]

‘(146) Ba cheart don rialaitheoir nó don phróiseálaí aon damáiste a d’fhéadfadh duine a fhulaingt de bharr próiseáil a sháraíonn an Rialachán seo a chúiteamh. [...] Ba cheart coincheap an damáiste a léiriú go leathan i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais ar shlí ina léireofaí go hiomlán cuspóirí an Rialacháin seo. Tá sé sin gan dochar d’éilimh maidir le damáiste a thagann as sárú na rialacha eile atá ann i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit. [...] Ba cheart do na hábhair sonraí cúiteamh iomlán agus éifeachtach a fháil as an damáiste a d’fhulaing siad. [...]

[...]

‘(148) D’fhonn forfheidhmiú rialacha an Rialacháin seo a neartú, ba cheart pionóis, lena n-áirítear fíneálacha riaracháin, a fhorchur má dhéantar aon sárú ar an Rialachán [...]. Mar sin féin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chineál, tromaíocht agus fad an tsáraithe, ar ghné intinniúil an tsáraithe, ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun an damáiste a fulaingíodh a mhaolú, ar mhéid freagrachta [...] agus ar aon ghné ghéaraitheach nó aon ghné mhaolaitheach eile. [...]’

4 Foráiltear le mír 2 d’Airteagal 1 den Rialachán sin, dar teideal ‘Ábhar agus cuspóirí’:

‘Leis an Rialachán seo, cosnaítear cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha agus go háirithe a gceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint.’

5 Foráiltear in Airteagal 4 den Rialachán sin, dar teideal ‘Sainmhínithe’:

‘Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn “sonraí pearsanta” aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (“ábhar sonraí”); [...]

[...]

(7) ciallaíonn “rialaitheoir” an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála;

[...]

(12) ciallaíonn “sárú i ndáil le sonraí pearsanta” sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scrios, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach;

[...]’

6 Foráiltear i mír 1 d’Airteagal 6 den Rialachán sin, dar teideal ‘Dleathacht na próiseála’ nach bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, ag ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a liostaítear san Airteagal sin.

7 I gCaibidil VIII de RGCS, dar teideal ‘Leigheasanna, dliteanas agus pionóis’, tá Airteagail 77 go 84 den Rialachán sin.

8 Foráiltear le míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 82 den Rialachán sin, dar teideal 'An ceart chun cúiteamh a fháil agus dliteanas':

'(1) Aon duine a mbaineann damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó mar thoradh ar shárú an Rialacháin seo, beidh sé i dteideal cúiteamh a fháil ón rialaitheoir nó ón bpróiseálaí as an damáiste a bhain dó.

'(2) Aon rialaitheoir a bhfuil baint aige le próiseáil, beidh sé faoi dhliteanas i leith an damáiste a eascraíonn ó phróiseáil a sháraíonn an Rialachán seo. [...]'

9 Foráiltear, i mír 2 d'Airteagal 83 de RGCS, dar teideal 'Coinníollacha ginearálta maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh'

'[...] Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh an ngearrfar fíneáil riaracháin agus nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le méid na fíneála riaracháin i ngach cás aonair, tabharfar aird chuí ar an méid seo a leanas:

(a) cineál, tromaíocht agus fad an tsáraithe agus cineál, raon feidhme nó cuspóir na próiseála lena mbaineann á gcur san áireamh chomh maith le líon na n-ábhar sonraí do shonraí a ndearnadh difear dóibh agus leibhéal an damáiste a bhain dóibh;

(b) cineál an tsáraithe a bheith déanta d'aon ghnó nó le faillí;

(c) aon ghníomhaíocht a rinne an rialaitheoir nó an próiseálaí chun an damáiste a bhain do na hábhair sonraí a mhaolú;

[...]

(k) aon imthoisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach eile is infheidhme maidir le dálaí an cháis, amhail sochair airgeadais a gnóthaíodh, nó caillteanais a seachnaíodh, go díreach nó go hindíreach, as an sárú.'

10 Foráiltear le mír 1 d'Airteagal 84 den Rialachán sin, dar teideal 'Pionóis':

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis eile is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo, go háirithe sáruithe nach bhfuil faoi réir fíneálacha riaracháin de bhun Airteagal 83, agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.'

Dlí na Laitvia

11 Foráiltear le hAirteagal 14, dar teideal 'Cúiteamh as damáiste neamhábhartha a chinneadh', den Valsts pārvaldes iestāžu nodarīto zaudējumu atlīdzināšanas likums (Dlí maidir le cúiteamh as damáiste a rinne údaráis phoiblí) an 2 Meitheamh 2005 (*Latvijas Vēstnesis*, 2005, Uimh. 96), sa leagan is infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí ('Dlí 2005'):

'(1) Cinnfear cúiteamh as damáiste neamhábhartha ag brath ar thábhacht na gceart a sháraítear agus ar na leasanna a chosnaítear leis an dlí agus ag brath ar thromchúis an chur isteach atá i gceist, i bhfianaise an bhunúis fhíorasaigh agus dhlíthiúil agus na gcúiseanna le hiompar an

údaráis, iompar agus freagracht chomhpháirteach an íospartaigh agus imthosca eile a bhaineann leis an gcás ar leith.

(2) Soláthrófar cúiteamh as damáiste neamhábhartha trí an staid a bhí ann sular rinneadh an damáiste a athbhunú nó, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh nó nach féidir é a dhéanamh go hiomlán, nó, i gcás nach leor é sin, trí leithscéal a thabhairt nó trí mhéid oiriúnach cúitimh a íoc.

(3) Más rud é, tar éis measúnú a dhéanamh ar imthosca a bhaineann le cás ar leith, go gcinnfidh an t-údarás nó an chúirt nach bhfuil cur isteach ar chearta nó ar leasanna an duine aonair atá faoi chosaint dlí tromchúiseach, féadfaidh leithscéal i scríbhinn nó leithscéal poiblí a bheith ina chineál sásaimh neamhspleách nó comhlántach don damáiste neamhábhartha.

(4) Is é EUR 7 000 ar a mhéad a bheidh sa chúiteamh as damáiste neamhábhartha. I gcás ina ndéantar damáiste neamhábhartha tromchúiseach, féadfaidh cúiteamh EUR 10 000 ar a mhéad a bheith ann; i gcás ina ndearnadh díobháil do shaol duine aonair nó ina ndearnadh díobháil an-tromchúiseach dá shláinte nó dá sláinte áfach, féadfaidh uasmhéid an chúitimh a bheith suas le EUR 30 000.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

12 Tá clú ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí sa Laitvia mar iriseoir ar saineolaí é in earnáil na ngluaisteán.

13 Le linn feachtas chun tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir leis na rioscaí a bhaineann le feithicil athláimhe a cheannach, rinne PTAC físeán a dháileadh ar roinnt suíomhanna Gréasáin ina raibh, i measc nithe eile, carachtar a rinne aithris ar an iarratasóir sna príomhimeachtaí, gan a chead.

14 In ainneoin go ndearna an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí agóid i gcoinne an físeán sin a dhéanamh agus a dháileadh, tá sé ar fáil ar líne fós. Dhiúltaigh PTAC freisin dá iarrataí sainráite go gcuirfí deireadh le dáileadh an fhíseáin agus go dtabharfaí cúiteamh dó as damáiste dá cháil.

15 Ina dhiaidh sin, thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean os comhair an Administratīvā rajona tiesa (Cúirt Riaracháin Dúiche, an Laitvia) ag lorg, ar an gcéad dul síos, cinneadh go raibh gníomhartha PTAC, is é sin úsáid agus dáileadh a shonraí pearsanta gan údarú, neamhdhleathach, agus, ar an dara dul síos, cúiteamh as damáiste neamhábhartha i bhfoirm leithscéal a thabhairt agus íocaíocht EUR 2 000. Tar éis don chúirt sin a chinneadh go raibh na gníomhartha atá i gceist neamhdhleathach, d’ordaigh sí do PTAC deireadh a chur leis na gníomhartha sin, leithscéal poiblí a thabhairt leis an iarratasóir agus EUR 100 a íoc leis mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a d’fhulaing sé.

16 Le breithiúnas an 20 Bealtaine 2023, dheimhnigh an Administratīvā apgabaltiesa (an Chúirt Riaracháin Réigiúnach, an Laitvia), ag rialú ar achomharc, go raibh próiseáil sonraí pearsanta a bhí déanta ag PTAC neamhdhleathach, ar bhonn Airteagal 6 de RGCS, agus d’ordaigh sé go gcuirfí deireadh leis an iompar sin agus chomh maith leis sin go bhfoilseofaí leithscéal ar na suíomhanna Gréasáin a dháil an físeán, de bhun Airteagal 14 de Dhlí 2005. Dhiúltaigh sí, áfach, don éileamh ar chúiteamh airgeadais as an damáiste neamhábhartha a bhain don iarratasóir sna príomhimeachtaí. I ndáil leis sin, chinn sí, go háirithe, nach raibh an sárú a rinneadh tromchúiseach ar an bhforas go raibh sé i gceist leis an bhfíseán cúram a dhéanamh ar mhaithe le

leas an phobail agus gan dochar a dhéanamh do chlú, d'onóir agus do dhínit an iarratasóra. Ina theannta sin, mheas sí gurbh é ba chúis leis an sárú atá i gceist ná gur bhain PTAC míbhrí as forálacha reachtúla a bhí casta.

17 Ina achomharc deiridh arna thaisceadh leis an Augstākā tiesa (Senāts) (an Chúirt Uachtarach, an Laitvia), arb í an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo í, déanann an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin sa mhéid a diúltaíodh leis cúiteamh airgeadais as an damáiste neamhábhartha a d'fhulaing sé. Maíonn sé, go bunúsach, go ndearna an chúirt achomhairc earráid agus measúnú á dhéanamh aici ar thromchúis an tsáraithe ar a chearta agus measúnú á dhéanamh aici ar an damáiste a eascraíonn as an sárú sin. Áitíonn sé freisin nach bhfuil cúiteamh i bhfoirm leithscéal a thabhairt cothrom ná leordhóthanach faoi Airteagal 82 den RGCS.

18 Ar an gcéad dul síos, measann an chúirt a rinne an tarchur, i bhfianaise bhreithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post (Damáiste neamhábhartha mar thoradh ar phróiseáil neamhdhleathach sonraí)* (C-300/21, 'an breithiúnas in *Österreichische Post*', EU:C:2023:370), nach gceadaítear le hAirteagal 82 de RGCS cúiteamh a ordú ar bhonn sárú ar an Rialachán sin gan damáiste arb é an sárú sin is cúis leis a chruthú roimh ré. Dar léi, rinne an chúirt achomhairc sa chás seo sárú ar Airteagal 82 trí chúiteamh den sórt sin a ordú gan cinneadh a dhéanamh go ndearnadh dochar do chlú, onóir agus dínit an iarratasóra sna príomhimeachtaí. Sa chomhthéacs sin, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena chinneadh, agus Airteagal 1(2) de RGCS agus aithrisí 75, 85 agus 146 de á gcur san áireamh, an bhféadfadh sé gurb ionann próiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta, ann féin, agus sárú ar an gceart bunúsach chun na sonraí sin a chosaint, mar a ráthaítear in Airteagal 8(1) den Chairt, agus, dá bhrí sin, gurb ionann í agus 'damáiste' de réir bhrí Airteagal 82, lena n-áirítear i gcás nár cruthaíodh aon díobháil do chlú, d'onóir ná do dhínit an duine lena mbaineann.

19 Ar an dara dul síos, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur an cheist maidir le cúiteamh leordhóthanach as damáiste neamhábhartha faoi Airteagal 82(1) de RGCS, mar a léirítear i mbreithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post* (C-300/21, EU:C:2023:370). Is mian léi a fháil amach an bhféadfaí a mheas i gcásanna áirithe gur cúiteamh leordhóthanach í an oibleagáid go dtabharfaí leithscéal leis an duine díobhálaithe, rud a d'fhéadfadh, faoi dhlí na Laitvia, a bheith ina chineál cúitimh neamhspleách nó chomhlántaigh, faoi Airteagal 82(1).

20 Ar an tríú dul síos agus ar deireadh, ardaíonn an chúirt a rinne an tarchur an cheist, ag féachaint do mhír 58 den bhreithiúnas thuasluaite, an féidir le hAirteagal 82(1) de RGCS, agus measúnú á dhéanamh aici ar fhoirm agus ar leibhéal an chúitimh atá dlite ina leith sin, na himthosca a bhaineann le caingne an pháirtí a sháraigh an Rialachán sin, nó fiú údar a thabhairt leo, a chur san áireamh.

21 Sna himthosca sin, chinn an Augstākā tiesa (Senāts) (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) An gá Airteagal 82(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a léiriú amhail gurb ionann próiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta inti féin, a mhéid ar sárú ar an Rialachán sin é, agus cur isteach gan údar ar cheart suibiachtúil an duine maidir le cosaint sonraí agus damáiste arna dhéanamh don duine sin?

(2) An gá Airteagal 82(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a léiriú amhail, i gcás nach bhféadfaí cúinsí a chur ar ais mar a bhí sula ndearnadh an damáiste, go gceadaítear leis oibleagáid a fhorchur i leith leithscéal a thabhairt amháin mar chúiteamh as damáiste neamhábhartha?

(3) An gá Airteagal 82(1) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, a léiriú amhail go gceadaítear cúiteamh níos ísle a shocrú as an damáiste arna dhéanamh ar bhonn imthosca is comhartha ar mheon agus spreagadh an duine a bhfuil na sonraí á bpróiseáil aige (mar shampla, an gá le cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail, gan rún a bheith ag an duine damáiste a dhéanamh don duine lena mbaineann nó deacrachtaí a bheith aige nó aici an creat dlíthiúil a thuiscint)?'

Breithniú ar na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

22 Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 82(1) de RGCS, arna léamh i bhfianaise Airteagal 8(1) den Chairt, a léiriú sa chaoi gur leor sárú ar fhorálacha an Rialacháin sin, ann féin, chun a bheith ina 'dhamáiste' de réir bhrí Airteagal 82(1).

23 Aon duine a mbaineann damáiste ábhartha nó neamhábhartha dó mar thoradh ar shárú an Rialacháin seo, beidh sé i dteideal cúiteamh a fháil ón rialaitheoir nó ón bpróiseálaí as an damáiste a bhain dó.

24 Tá léiriú déanta ag an gCúirt arís agus arís eile ar Airteagal 82(1) sa chaoi nach leor sárú ar an Rialachán sin chun ceart chun cúitimh a thabhairt ar an mbonn sin, ós rud é go bhfuil 'damáiste', bíodh sé ábhartha nó neamhábhartha, nó 'damáiste' atá 'fulaingthe' ar cheann de na coinníollacha maidir leis an gceart chun cúitimh a leagtar síos san fhoráil sin, mar aon le sárú ar fhorálacha an Rialacháin sin agus nasc cúisíoch idir an damáiste sin agus an sárú sin a bheith ann, agus na trí choinníoll charnacha sin. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar dhuine a éilíonn cúiteamh as damáiste neamhábhartha ar bhonn na forála sin ní hamháin sárú ar an Rialachán sin a chruthú, ach freisin go raibh an sárú sin ina chúis le damáiste den sórt sin dó (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post*, C-300/21, EU:C:2023:370, míreanna 32, 33, 42 agus 50; an 20 Meitheamh 2024, *Scalable Capital*, C-182/22 agus C-189/22, EU:C:2024:531, míreanna 41 agus 42, agus an 20 Meitheamh 2024, *PS (Seoladh mícheart)*, C-590/22, EU:C:2024:536, míreanna 22, 24, 25 agus 27).

25 Ós rud é go bhfuil na trí choinníoll charnacha sin riachtanach agus leordhóthanach chun ceart chun cúitimh a bheith acu de réir bhrí Airteagal 82(1) de RGCS (breithiúnas an 14 Nollaig 2023, *Gemeinde Ummendorf*, C-456/22, EU:C:2023:988, mír 14), ní féidir an ceart sin a bheith ag brath ar léiriú breise gur chuir an t-ábhar sonraí, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) den Rialachán sin é, isteach gan údar ar an leas dlíthiúil atá beartaithe leis an Rialachán céanna sin a chosaint, eadhon ceart an duine sin chun a shonraí pearsanta a chosaint.

26 Thairis sin, tá sé ráite ag an gCúirt, fiú má thugann foráil RGCS a sáraíodh cearta do dhaoine nádúrtha, nach féidir le sárú den sórt sin, ann féin, a bheith ina 'dhamáiste neamhábhartha', de réir bhrí an Rialacháin sin, agus ceart chun cúiteamh a fháil ar an mbonn sin, ós rud é go

gceanglaítear leis an Rialachán sin go gcomhlíonfar an dá choinníoll eile dá dtagraítear i mír 24 den bhreithiúnas seo freisin (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Aibreán 2024, *juris*, C-741/21, EU:C:2024:288, mír 40.

27 Tacaítear leis an léiriú sin ar Airteagal 82(1) de RGCS le haithrisí 75, 85 agus 146 den Rialachán sin. Is léir ó na haithrisí sin, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil i gceist le damáiste a tharlaíonn i gcomhthéacs próiseáil neamhdhleathach sonraí pearsanta ach iarmhairt uathoibríoch ar phróiseáil den sórt sin; ar an dara dul síos, nach gá go mbeadh damáiste mar thoradh ar shárú RGCS; agus, ar an tríú dul síos, nach mór nasc cúisíoch a bheith ann idir an sárú atá i gceist agus an damáiste a bhain don ábhar sonraí chun ceart chun cúitimh a bhunú (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post*, C-300/21, EU:C:2023:370, mír 37).

28 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh leis an léiriú sin cosaint sonraí pearsanta a áirithiú mar cheart bunúsach a leagtar síos in Airteagal 8(1) den Chairt, dá dtagraítear in aithris 1 de RGCS.

29 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná nach mór Airteagal 82(1) de RGCS, arna léamh i bhfianaise Airteagal 8(1) den Chairt, a léiriú sa chaoi nach leor sárú ar fhorálacha an Rialacháin sin, ann féin, chun bheith ina 'dhamáiste' de réir bhrí Airteagal 82(1).

An dara ceist

30 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 82(1) de RGCS a léiriú sa chaoi go bhféadfadh leithscéal a thabhairt a bheith ina chúiteamh leordhóthanach as damáiste neamhábhartha ar bhonn na forála sin, *inter alia*, i gcás nach féidir cúinsí a chur ar ais mar a bhí sula ndearnadh an damáiste.

31 De réir cásdlí socair, is faoi dhlíchóras náisiúnta gach Ballstáit atá sé rialacha nós imeachta a bhunú maidir le caingne atá beartaithe chun cearta daoine aonair a chosaint, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de, ar choinníoll, áfach, nach lú fabhar na rialacha sin, i gcásanna a chumhdaítear le dlí an Aontais, ná na rialacha lena rialaítear cásanna intíre comhchosúla (prionsabal na coibhéise) agus nach bhfágann siad go bhfuil sé ródheacair nó dodhéanta sa chleachtas na cearta a thugtar le dlí an Aontais a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtachta) (breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post*, C-300/21, EU:C:2023:370, mír 53, agus an 20 Meitheamh 2024, *Scalable Capital*, C-182/22 agus C-189/22, EU:C:2024:531, mír 32).

32 Sa chás seo, ós rud é nach bhfuil aon fhoráil in RGCS atá beartaithe chun na rialacha a shainiú maidir le measúnú na ndamáistí atá dlite faoin gceart chun cúitimh a leagtar síos in Airteagal 82 den Rialachán sin, ní mór do chúirteanna náisiúnta, chuige sin, rialacha náisiúnta gach Ballstáit a chur i bhfeidhm maidir le méid an chúitimh airgeadais, ar choinníoll go n-urramaítear prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta i ndlí an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post*, C-300/21, EU:C:2023:370, míreanna 54 agus 59; an 20 Meitheamh 2024, *Scalable Capital*, C-182/22 agus C-189/22, EU:C:2024:531, míreanna 27 agus 33; agus an 20 Meitheamh 2024, *PS (Seoladh mícheart)*, C-590/22, EU:C:2024:536, mír 40).

33 I ndáil leis sin, maidir le hurramú phrionsabal na coibhéise, níl aon rud os comhair na Cúirte a d'fhéadfadh a léiriú go bhféadfadh éifeacht shonrach a bheith ag an bprionsabal sin sna príomhimeachtaí sa chás seo.

34 Maidir le prionsabal na héifeachtachta a urramú, ciallaíonn feidhm eisiach chúiteach an chirt chun cúitimh a leagtar síos in Airteagal 82 de RGCS nach mór na critéir chun measúnú a dhéanamh ar an gcúiteamh atá dlite faoin Airteagal sin a fhorordú laistigh de chóras dlí gach Ballstáit, ar choinníoll go bhfuil an cúiteamh sin iomlán agus éifeachtach, gan aon ghá a bheith ann, chun críoch cúitimh den sórt sin ina iomláine, a cheangal go n-íocfaí damáistí pionósacha (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post*, C-300/21, EU:C:2023:370, míreanna 57 agus 58; an 20 Meitheamh 2024, *Scalable Capital*, C-182/22 agus C-189/22, EU:C:2024:531, míreanna 23, 24, 35, 36 agus 43, agus an 20 Meitheamh 2024, *PS (Seoladh mícheart)*, C-590/22, EU:C:2024:536, mír 42).

35 Ina theannta sin, ghlac an Chúirt leis, i gcás nach bhfuil an damáiste a rinneadh don ábhar sonraí tromchúiseach, go bhféadfaidh cúirt náisiúnta é a chúiteamh trí chúiteamh íosta a dhámhachtain don duine sin, ar choinníoll go bhfuil an méid beag damáistí a dheonaítear amhlaidh de chineál chun an damáiste sin a fhritháireamh go hiomlán, ar damáiste é atá le fáil amach ag an gcúirt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *Scalable Capital*, C-182/22 agus C-189/22, EU:C:2024:531, mír 46).

36 Ar an gcaoi chéanna, ní chuirtear cosc le hAirteagal 82(1) de RGCS ar leithscéal a thabhairt ó bheith in ann a bheith ina chúiteamh neamhspleách nó comhlántach as damáiste neamhábhartha, mar a leagtar síos sa chás seo in Airteagal 14 de Dhlí 2005, ar choinníoll go gcomhlíonann cúiteamh den sórt sin prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta sin, go háirithe sa mhéid is nach mór dó an damáiste neamhábhartha a fulaingíodh iarbhír mar gheall ar shárú ar an Rialachán sin a chúiteamh go hiomlán, ar damáiste é is faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an cás os a comhair, agus imthosca gach cáis aonair á gcur san áireamh.

37 Ag féachaint do na forais roimhe seo, is é an freagra ar an dara ceist ná nach mór Airteagal 82(1) de RGCS a léiriú go bhféadfadh leithscéal a thabhairt a bheith ina chúiteamh leordhóthanach as damáiste neamhábhartha ar bhonn na forála sin, *inter alia*, i gcás nach féidir nach bhféadfaí cúinsí a chur ar ais mar a bhí sula ndearnadh an damáiste, ar an gcoinníoll go bhfuil an cineál sásaimh sin de chineál chun an damáiste a bhain don ábhar sonraí a chúiteamh go hiomlán.

An tríú ceist

38 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 82(1) de RGCS a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar mheon agus spreagadh an rialaitheora a chur san áireamh chun, i gcás inarb ábhartha, cúiteamh a dhámhachtain don ábhar sonraí atá níos ísle ná an damáiste a d'fhulaing sé nó sí i ndáiríre.

39 Ar an gcéad dul síos, is léir ó Airteagal 83 de RGCS, arna léamh i bhfianaise aithris 148 de, gur cheart critéir a bhaineann le meon agus spreagadh an rialaitheora, *inter alia*, a chur san áireamh, mar 'imthoisc ghéaraitheach nó mhaolaitheach', agus cinneadh á dhéanamh an iomchuí fíneáil riaracháin a ghearradh agus méid na fíneála sin á chinneadh. Ar an taobh eile, ní dhéantar tagairt do na critéir sin in Airteagal 82 den Rialachán sin ná, go deimhin, in aithris 146 de, a bhaineann go sonrach leis an gceart chun cúitimh a leagtar síos san Airteagal deiridh sin.

40 In éagmais aon tagairt do chritéir den sórt sin, tá údar leis an bhfíoras go gcomhlíonann Airteagal 82 de RGCS feidhm chúiteach eisiach, sa mhéid is nach mór a bheith in ann, leis an gcúiteamh sin, go háirithe cúiteamh airgeadais, bunaithe ar Airteagal 82, an damáiste a fulaingíodh a chúiteamh go hiomlán, i gcodarsnacht le forálacha eile den Rialachán sin atá i gCaibidil VIII de, eadhon Airteagail 83 agus 84, a bhfuil cuspóir pionósach acu go bunúsach, ós

rud é go gceadaítear leo, faoi seach, fíneálacha riaracháin agus pionóis eile a fhorchur (féach, chuige sin, breithiúnais an 4 Bealtaine 2023, *Österreichische Post*, C-300/21, EU:C:2023:370, míreanna 38 agus 40, agus an 20 Meitheamh 2024, *Scalable Capital*, C-182/22 agus C-189/22, EU:C:2024:531, mír 22).

41 Dá bhrí sin, i bhfianaise na ndifríochtaí san fhoclaíocht agus sa chuspóir atá ann idir Airteagal 82 de RGCS, arna léamh i bhfianaise aithris 146 de, agus Airteagal 83 den Rialachán sin, arna léamh i bhfianaise aithris 148 de, ní féidir a chinneadh go bhfuil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach go sonrach in Airteagal 83 infheidhme *mutatis mutandis* i gcomhthéacs Airteagal 82 (breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *PS (Seoladh mícheart)*, C-590/22, EU:C:2024:536, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear). Tá feidhm ag an gcinneadh sin, go háirithe, maidir le méid na ndamáistí atá dlite a chinneadh mar chúiteamh as damáiste bunaithe ar Airteagal 82 (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *PS (Seoladh mícheart)*, C-590/22, EU:C:2024:536, míreanna 39 agus 44) agus, ar bhonn níos ginearálta, maidir le foirm, airgeadais nó eile, agus leibhéal an chúitimh sin a chinneadh.

42 Ar an dara dul síos, leis an bhfeidhm atá ag an gceart chun cúitimh dá bhforáiltear in Airteagal 82(1) de RGCS, ar feidhm í atá cúiteach go heisiach, cuirtear cosc ar dhéine agus cineál féideartha an tsáraithe a rinne an rialaitheoir ar an Rialachán sin d'aon ghnó a chur san áireamh chun damáiste a chúiteamh faoin bhforáil sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *Scalable Capital*, C-182/22 agus C-189/22, EU:C:2024:531, míreanna 28 go 30).

43 Ag féachaint don fheidhm atá go heisiach cúiteach, seachas pionósach, a chomhlíonann an ceart sin chun cúitimh, ní féidir le tromchúis an tsáraithe sin tionchar a imirt ar mhéid na ndamáistí a dheonaítear faoi Airteagal 82(1) agus ní féidir an méid sin a shocrú ar leibhéal is mó ná cúiteamh iomlán as an damáiste sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meitheamh 2024, *PS (Seoladh mícheart)*, C-590/22, EU:C:2024:536, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní mór ach an damáiste a bhain don ábhar sonraí i ndáiríre a chur san áireamh chun méid an chúitimh airgid sin a chinneadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Aibreán 2024, *juris*, C-741/21, EU:C:2024:288, mír 64).

44 Ar an gcaoi chéanna, ní chomhlíonfaí feidhm chúiteach eisiach Airteagal 82(1) dá gcuirfí meon agus spreagadh an rialaitheora san áireamh chun foirm an chúitimh arna dheonú ar bhonn na forála sin a chinneadh nó chun sásamh a dhámhachtain atá 'níos lú' ná cúiteamh iomlán as an damáiste a d'fhulaing an t-ábhar sonraí, mar atá samhlaithe ag an gcúirt a rinne an tarchur sa chás seo.

45 Ag féachaint do na forais roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná nach mór Airteagal 82(1) de RGCS a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar mheon agus spreagadh an rialaitheora a chur san áireamh chun, i gcás inarb ábhartha, cúiteamh a dhámhachtain don ábhar sonraí atá níos ísle ná an damáiste a d'fhulaing sé nó sí.

Costais

46 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 82(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 27 Aibreán 2016, a bhaineann le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), arna léamh i bhfianaise Airteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   nach leor sárú ar fhorálacha an Rialacháin sin, ann féin, chun bheith ina 'dhamáiste' de réir bhrí Airteagal 82(1).

2. **Maidir le hAirteagal 82(1) de Rialachán 2016/679,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   go bhféadfadh leithscéal a thabhairt a bheith ina chúiteamh leordhóthanach as damáiste neamhábhartha ar bhonn na forála sin, *inter alia* i gcás nach féidir nach bhféadfaí cúinsí a chur ar ais mar a bhí sula ndearnadh an damáiste, ar an gcoinníoll go bhfuil an cineál sásaimh sin de chineál chun an damáiste a bhain don ábhar sonraí a chúiteamh go hiomlán.

3. **Maidir le hAirteagal 82(1) de Rialachán 2016/679,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leis ar mheon agus spreagadh an rialaitheora a chur san áireamh chun, i gcás inarb ábhartha, cúiteamh a dhámhachtain don ábhar sonraí atá níos ísle ná an damáiste a d'fhulaing sé nó sí.

Sínithe